Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

7.9.2023

An tUas. Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: **Tuairim maidir le Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 - (2023/0201R(APP))**A Cathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar agus ag a chruinniú an 18 Iúil 2023 chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Le dea-mhéin,

Dragoş Pîslaru

MOLTAÍ

A. de bhrí, le comhthéacs reatha an bhoilscithe ard agus na ngéarchéimeanna iomadúla, go bhfuil brú ollmhór curtha ar uasteorainneacha leanúnacha CAI, lena n-ídítear na corrlaigh atá ar fáil chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ag an Aontas faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí, chun spriocanna fadtéarmacha an Aontais a chomhlíonadh agus chun leibhéal leordhóthanach infheistíochtaí a choimeád i gcláir agus i mbeartais an Aontais, lena n-áirítear i dtosaíochtaí tábhachtacha amhail an t-aistriú cóir, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach; de bhrí go bhfuil na géarchéimeanna iomadúla sin ag déanamh difear don staid shóisialta agus eacnamaíoch san Aontas, *inter alia*, do mhargaí saothair agus do dhálaí maireachtála an Aontais, agus go bhfuil baol ann go mbeidh tionchar diúltach acu ar an bhfás agus ar an bhfostaíocht; de bhrí nach mór do bhuiséad an Aontais freagairt go héifeachtach do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus tacú leo le linn géarchéimeanna, go háirithe nuair atá an méadú ar an mboilsciú agus an t-ardú mear ar phraghsanna bia agus fuinnimh ar fud an Aontais ag déanamh difear do na pobail is leochailí, lena méadaítear tuilleadh ar neamhionannais agus lena ngéaraítear ar an mbochtaineacht; de bhrí nach meastar go dtiocfaidh méadú ar an bpá chomh mear céanna leis an mboilsciú agus go bhfuil oibrithe, dá bhrí sin, ag cailleadh na cumhachta ceannaigh agus go bhféadfadh sé go rachadh a ndálaí maireachtála in olcas; de bhrí go gcuirfidh sé sin tuilleadh brú ar acmhainneacht an bheartais shóisialta, agus ar chobhsaitheoirí uathoibríocha amhail scéimeanna náisiúnta dífhostaíochta;

B. de bhrí go bhfuil thart ar 96.5 milliún Eorpach nó 21.9 % de dhaonra an Aontais i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta faoi láthair, agus go bhfuil 24.7 % de leanaí san Aontas i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta; de bhrí nach bhfuil thart ar 34 mhilliún Eorpach, nó beagnach 6.9 % de dhaonra an Aontais in acmhainn a dteach a théamh go leordhóthanach, de réir shuirbhé uile-Aontais 2021[1]; de bhrí go bhfuil sé measta ag an bhFaireachlann um an mBochtaineacht Fuinnimh, ar an iomlán, go bhfulaingíonn níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas bochtaineacht fuinnimh;

C. de bhrí go bhfuil sé d'aidhm ag spriocanna phlean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR) go mbeidh 78 % ar a laghad de dhaonra an Aontais atá idir 20 agus 64 bliana d'aois, 60 % ar a laghad de na daoine fásta go léir i mbun oiliúna gach bliain agus go ndéanfar laghdú de 15 mhilliún ar a laghad ar líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad; de bhrí gur glacadh sraith tograí sa phlean gníomhaíochta freisin chun na spriocanna sin a bhaint amach faoi 2030; de bhrí, sa chomhthéacs reatha, go bhfuil sé ag éirí níos dúshlánaí na spriocanna sin a bhaint amach, i bhfianaise an mhéadaithe réamh-mheasta ar an mbochtaineacht agus ar an dífhostaíocht sna míonna amach romhainn; de bhrí go bhfuil brú mór ar chórais um chosaint shóisialta chun tionchar sóisialta na géarchéime a mhaolú, chun tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe agus dálaí maireachtála cuibhiúla a áirithiú do chách, mar aon le rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha ar ardchaighdeán amhail an tsláinte, an t-oideachas agus tithíocht;

D. de bhrí go bhfuil lucht saothair oilte ríthábhachtach chun aistrithe glasa agus digiteacha

[1] Aithris 13 den Rialachán SCF
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?qid=1686746723482&uri=CELEX%3A32023R0955

atá cothrom agus cóir ar bhonn sóisialta a áirithiú, agus chun iomaíochas agus athléimneacht inbhuanaithe an Aontais a neartú in éadan suaití seachtracha díobhálacha; de bhrí, le scileanna atá níos oiriúnaí agus níoscomhoiriúnaí go gcruthaítear deiseanna nua agus go gcumhachtaítear do dhaoine aonair a bheith go hiomlán rannpháirteach i margadh an tsaothair, sa tsochaí agus sa daonlathas, chun leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha, agus tairbhiú díobh agus a gcearta a fheidhmiú. de bhrí go bhfuil sé beartaithe le Bliain Eorpach na Scileanna, trí bhíthin athsciliú agus uas-sciliú, tacú le fás inbhuanaithe gheilleagar sóisialta margaidh an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna atá ag 77 %[2] de chuideachtaí ar fud an Aontais, agus é mar aidhm léi borradh a chur faoina iomaíochas agus rannchuidiú le poist ardcháilíochta a chruthú.

E de bhrí go bhfuil téarnamh atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de, atá cóir, cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach áirithe leis na cláir NextGenerationEU amhail ReactEU, an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. de bhrí gur éirigh leis an ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) a ghlac an Coimisiún; de bhrí go bhfuil an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) mar chuid den fhreagairt Eorpach ar an ngá atá le borradh a chur faoi infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn san Eoraip, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus ar riachtanais scileanna, agus go bhfuil sé mar aidhm leis ceannasacht agus slándáil na hEorpa a neartú, agus iomaíochas an Aontais agus na haistrithe glasa agus digiteacha a fheabhsú;

1. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag buiséad an Aontais Eorpaigh maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear go n-éireoidh leis na haistrithe glasa agus digiteacha, go háirithe trí aird ar leith a thabhairt ar cheantair iargúlta agus ar na réigiúin is forimeallaí, ar earnálacha dianfhuinnimh agus ar oibrithe ar bheagán oiliúna chun athsciliú agus a uas-sciliú a dhéanamh ina leith, lena gcruthaítear fhostaíocht ardcháilíochta agus dálaí oibre cuibhiúla; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá pá leormhaith agus cosaint slándála sóisialta, ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta ceirde agus deiseanna atá cothrom ó thaobh inscne de, chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, lena laghdaítear neamhionannais, lena gcothaítear téarnamh atá cuimsitheach agus cóir ar bhonn sóisialta, inbhuanaithe agus neamh-idirdhealaitheach; á chur i bhfáth go bhfuil gá le córais láidre náisiúnta cosanta sóisialta a bheith ann, le scéimeanna oibre gearr-ama chun iarmhairtí tromchúiseacha na n-iomarcaíochtaí a sheachaint agus le liúntais tithíochta do dhaoine atá i ngátar; á aithint a thábhachtaí atá sé fás, neamhspleáchas straitéiseach agus neamhspleáchas fuinnimh a chur chun cinn, agus tacaíocht láidir á cur ar fáil, go háirithe don ghlúin óg, do leanaí, do theaghlaigh, d'oibrithe agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena gcothaítear forbairt inbhuanaithe nach bhfágfaidh aon duine chun deiridh agus lena n-áiritheofar comhtháthú agus cóineasú sóisialta aníos; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar ghrúpaí ar ioncam íseal agus ar ghrúpaí leochaileacha, amhail daoine atá i mbochtaineacht nó atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, agus, ag an am céanna, tacú leis na teaghlaigh mheánioncaim trína áirithiú gurb iad cnámh

[2] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-year-skills-2023_ga

droma ár sochaithe i gcónaí iad agus gur féidir leo deiseanna leordhóthanacha chun fáis a bheith acu d'fhonn comhtháthú foriomlán eacnamaíoch agus sóisialta a chothú; á chur i bhfáth freisin a thábhachtaí atá sé Aontas Sláinte na hEorpa níos láidre a áirithiú i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, lena gcuirtear an smacht reachta, luachanna an Aontais agus cearta bunúsacha chun cinn, lena gcothaítear níos mó deiseanna agus comhdheiseanna do chách, agus lena n-áirithítear Aontas níos láidre dá phobail agus ar fud an domhain;

2. á chur i bhfios go bhfuil athrú tagtha ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus polaitiúil ó rinneadh an CAI reatha a chaibidliú; á chur i bhfáth nach bhfuil méid agus struchtúr an CAI reatha mar a comhaontaíodh in 2020 oiriúnach chun freagairt go mear do na dúshláin nua agus do na géarchéimeanna a bheidh ann sa todhchaí agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus infheistíochtaí i gcláir agus i mbeartais an Aontais a choimeád ag an am céanna agus gur cúis mhór imní é an staid faoi Cheannteideal 2b mar gheall ar chorrlaigh atá thar a bheith teoranta agus brú mór arb é an boilsciú ard is cúis leis; á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar CAI a chur ar aghaidh lena n-áirítear réiteach inbhuanaithe chun costais fiachais mhéadaithe a aisíoc ('Ionstraim EURI') agus lena gcosnaítear, dá bhrí sin, cláir NextGenerationEU i gcoinne ciorruithe agus lena gcruthaítear spás in ionstraimí speisialta amhail RRF, ReactEU, CUAC agus InvestEU; á chreidiúint, áfach, nach bhfuil an togra seo chomh hardaidhmeannach céanna le huaillmhianta an Aontais agus á athdhearbhú, dá bhrí sin, go ndéanfaí athbhreithniú práinneach, cuimsitheach agus uaillmhianach ar CAI 2021-2027, le buiséad méadaithe agus airgead úr chun tacú le fás agus infheistíocht inbhuanaithe agus é a bheith ábalta tacú le cuspóirí straitéiseacha na straitéise Eoraip 2020, Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, chomh maith le hionstraimí dá bhforáiltear i reachtaíocht nua, amhail Acadaimh um an Tionscal Glan-nialasachta faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus na tionscnaimh a leagtar amach in EPSR agus i nDearbhú Porto; á áitiú gur gá acmhainní leordhóthanacha a choimeád don chomhtháthú, don chóineasú eacnamaíoch agus sóisialta agus chun beartais thábhachtacha a chur i gcrích amhail na haistrithe córa, glasa agus digiteacha, agus a chur ar chumas an Aontais freisin dul i ngleic le dúshláin nua sna blianta amach romhainn;

3. á mheas go mbeidh gá le roinnt saincheisteanna a chur san áireamh san athbhreithniú ar CAI, eadhon a thábhachtaí atá solúbthacht mhéadaithe agus acmhainní leordhóthanacha in CAI chun tacú le fás agus infheistíocht inbhuanaithe agus chun dul i ngleic go héifeachtach le himpleachtaí sóisialta agus margaidh oibre phaindéim COVID-19 agus le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go háirithe an dífhostaíocht; á mheabhrú gur cheart na cláir a cinneadh faoin CAI reatha agus faoina n-imchlúdaigh a urramú agus á áitiú go ndéanfaí tosaíochtaí sóisialta agus infheistíochtaí sóisialta a neartú san athbhreithniú ar CAI agus ar CAI iar-2027 chun gné shóisialta láidir, uaillmhianach de bhuiséad an Aontais a áirithiú;

4. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag cistí agus ag ionstraimí airgeadais an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus REPowerEU chun téarnamh atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de, atá cóir, cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach a áirithiú; á áitiú nach mór do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) leanúint de bheith ina phríomhspreagadh chun gné shóisialta an Aontais a neartú i gcomhréir le prionsabail

Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á mheabhrú gurb é CSE+ príomhionstraim an Aontais freisin chun tacú leis na Ballstáit, le daoine agus le réigiúin ardleibhéil fostaíochta a bhaint amach, ar gá pá leordhóthanach, dálaí oibre cuibhiúla, timpeallachtaí oibre sláintiúla agus cumhdach slándála sóisialta a bheith ag gabháil leo, chun cosaint shóisialta chothrom a chur i gcrích agus lucht saothair oilte, iomaíoch agus athléimneach a fhorbairt atá réidh don aistriú chuig geilleagar glas agus digiteach agus do shaol na hoibre sa todhchaí, chun sochaithe cuimsitheacha comhtháite a thógáil arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus chun na prionsabail a leagtar amach in EPSR a chur i gcrích; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh buiséad CSE+, atá atreisithe go mór ann, go háirithe do na daoine is boichte inár sochaí; á chur i bhfios a thábhachtaí atá an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), ReactEU agus na hacmhainní breise a ghabhann leis do CSE+, an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD);

5. á aithint nach mór do CSE+ agus RRF rannchuidiú le cur chun feidhme EPSR trína phrionsabail a chur i ngníomh agus trí chuspóirí sóisialta a phríomhshruthú i ngach reachtaíocht, beartas agus plean cur chun feidhme ábhartha a bhaineann le NextGenerationEU; á chur i bhfáth gur cheart acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun plean gníomhaíochta agus spriocanna EPSR arna nglacadh in Porto a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme, á thabhairt chun suntais go raibh ról suntasach ag RRF maidir leis an ngéarchéim a mhaolú agus gur cheart go mbeadh sé ina shampla atá le leanúint i gcás géarchéimeanna amach anseo agus á chur i bhfáth gur gá córais leasa shóisialta a neartú agus infheistíocht a dhéanamh sa tslándáil shóisialta, sa rochtain ar chúram sláinte agus san oideachas, i dtithíocht inacmhainne, i bhfostaíocht ardcháilíochta, in oiliúint ardcháilíochta agus i seirbhísí sóisialta do ghrúpaí leochaileacha; á mheas gur cheart méid suntasach de na cistí a leithdháileadh le haghaidh infheistíochtaí sóisialta chun córais leasa shóisialta a neartú agus infheistíocht a dhéanamh sa tslándáil shóisialta, sa rochtain ar chúram sláinte agus san oideachas, i dtithíocht inacmhainne, i bhfostaíocht, i seirbhísí ceartais agus sóisialta do ghrúpaí leochaileacha, á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, foireann leormhaith a áirithiú chun tacú leis an gcúram sin; á chreidiúint gur cheart spriocanna Porto maidir leis an mbochtaineacht a chomhlánú ar leibhéal an Aontais le plean gníomhaíochta agus le straitéis láidir i gcoinne na bochtaineachta a fhaigheann tacaíocht ó infheistíochtaí suntasacha a thugann aghaidh ar gach gné den bhochtaineacht, lena n-áirítear bochtaineacht lucht oibre;

6. á mheabhrú go bhfuil difear déanta go háirithe do dhaoine óga ag géarchéimeanna iomadúla ó thaobh fostaíochta, oideachais, oiliúna agus dea-bhail mheabhrach de; á chur i bhfáth nach mór don CAI athbhreithnithe tosaíocht a thabhairt don tacaíocht a thugtar do dhaoine óga agus do bhearta chun dífhostaíocht i measc na hóige a chomhrac agus na tionscnaimh atá ann cheana a neartú, amhail an Ráthaíocht don Aos Óg;

7. á thabhairt chun suntais an staid dhéimeagrafach san Aontas de thoradh daonra atá ag dul in aois, laghdú ar thorthúlacht agus ionchas saoil níos airde; á áitiú gur gá infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach; á chur i bhfáth go bhfuil easpa freagairtí beartais Eorpacha agus náisiúnta ann ar thionchar an athraithe dhéimeagrafaigh; á chur in iúl gur geal léi an straitéis Eorpach um chúram agus á iarraidh go dtacófaí léi laistigh de CAI agus á

iarraidh ar na Ballstáit an úsáid is fearr a bhaint as cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa le haghaidh infheistíocht i gcúram leanaí agus i gcúram do dhaoine scothaosta agus do dhaoine eile a bhfuil cúram ag teastáil uathu, trí CSE+, InvestEU agus ionstraimí airgeadais eile lena spreagtar infheistíocht shóisialta;

8. á chur in iúl gur geal léi uaillmhian an Aontais dlús a chur lena iarrachtaí rátaí bochtaineachta leanaí, ar cúis mhórimní iad, a chomhrac agus rannchuidiú le bochtaineacht leanaí a dhíothú tríd an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a cruthaíodh le déanaí; ag tabhairt rabhaidh, áfach, go bhfuil na géarchéimeanna reatha tar éis dul in olcas agus go gcuirfidh siad leis an staid reatha atá ag dul in olcas i gcás leanaí atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó atá i mbaol na bochtaineachta, agus go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha acu; ag tabhairt dá haire, ó cruthaíodh é, go bhfuil thart ar EUR 9 mbilliún infheistithe cheana féin ag na Ballstáit sa Ráthaíocht do Leanaí; ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfaí méadú práinneach ar chistiú don Ráthaíocht Eorpach don Leanaí le buiséad tiomnaithe EUR 20 billiún ar a laghad don tréimhse 2021-2027 agus á áitiú go ndéanfaí é sin mar chuid den CAI athbhreithnithe[3]; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, na hacmhainní uile atá ar fáil a sholáthar – agus ar na Ballstáit lánúsáid a bhaint astu – chun an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear CSE+, ReactEU, agus RRF; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhordú idir tíortha an Aontais i gcur chun feidhme na bPleananna Gníomhaíochta maidir le Ráthaíocht do Leanaí agus chun an tionchar atá ag beartais an Aontais agus ag beartais náisiúnta ar staid leanaí a mheasúnú agus a phríomhshruthú ar bhonn níos fearr;

9. á chur i bhfios go láidir gur chuir an tsolúbthacht shealadach agus ghearrthéarmach a tugadh isteach i gcistí an bheartais chomhtháthaithe trí shraith na dtograí maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE) cúnamh ar fáil do na Ballstáit chun déileáil go mear le tionchar an chogaidh i gcoinne na hÚcráine, cé nach leor fós é do scála an riachtanais atá ann i roinnt Ballstát; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún maidir le Saoráid thiomnaithe chun tacú leis an Úcráin ar feadh a bhfuil fágtha de chlársceidealú CAI chun cistiú cobhsaí intuartha a áirithiú faoi chreat lena dtacófar le cobhsaíocht airgeadais na hÚcráine, lena gcuirfear a téarnamh agus a nuachóiriú chun cinn agus athchóirithe lárnacha á gcur chun feidhme ar a conair aontachais;

10. á chreidiúint go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun an dífhostaíocht agus an tearcfhostaíocht a eascraíonn as an gcogadh a chosc, agus á iarraidh go leanfaí le SURE agus go ndéanfaí é a athmhaoiniú chun tacú le scéimeanna oibre gearr-ama agus le hoibrithe a leagfaí as a bpoist go sealadach, fad a leanfaidh iarmhairtí socheacnamaíocha an chogaidh de thionchar diúltach a bheith acu ar mhargadh an tsaothair; á iarraidh go mbeadh pacáiste sealadach Eorpach ann maidir le hathléimneacht shóisialta lena ndéanfaí comhordú ar shraith beart agus modhanna chun córais leasa shóisialta agus cosanta sóisialta san Aontas a neartú; á chur i bhfáth gur éirigh go maith le SURE sa chomhrac i gcoinne na dífhostaíochta mar thoradh ar

[3] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le cosaint an Aontais do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0120_GA.html) agus rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Nollaig 2022 maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a mhéadú: buiséad athléimneach AE a bheidh oiriúnach do dhúshláin nua (https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0450_EN.html)

phaindéim COVID-19;

11. á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún struchtúr rialachais eacnamaíoch a fhorbairt san Aontas a bheadh bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, lánpháirtiú, ceartas sóisialta agus cóineasú, comhionannas inscne, seirbhísí poiblí ardcháilíochta, lena n-áirítear córas oideachais poiblí ardcháilíochta do chách, fostaíocht ardcháilíochta agus forbairt inbhuanaithe;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis chuí a fhorbairt chun cuspóirí sóisialta a phríomhshruthú i gcaiteachas an Aontais; á mheas go mbeadh gá le modheolaíocht príomhshruthaithe shóisialta i mbuiséad an Aontais chun a áirithiú go mbeadh gach beartas arna chistiú ag an Aontas i gcomhréir leis an 20 prionsabal a shainítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus go rannchuidíonn caiteachas an Aontais le cuspóirí sóisialta na hEorpa nó, ar a laghad, nach n-oibríonn sé i gcontrárthacht leis na cuspóirí sin; á iarraidh go dtreiseofaí rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, agus prionsabal na comhpháirtíochta, i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán CAI ó thaobh cosaint cearta oibrithe agus sóisialta, caomhnú fostaíochta, cruthú post ardcháilíochta, agus aistriú cóir de;

13. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil an pá ag titim faoi láthair mar gheall ar bhoilsciú agus sraith suaití eisceachtúla i bpraghsanna fuinnimh; á thabhairt chun suntais go bhfuil géarghá le méaduithe ar an bpá chun an t-éileamh inmheánach agus an fás cuimsitheach a chothabháil, agus chun tionchar na géarchéime dúbailte ar oibrithe agus ar theaghlaigh a laghdú; á mheas go bhfuil gá le hiarrachtaí breise laistigh de bhuiséad an Aontais agus de CAI chun cabhrú le comhpháirtithe sóisialta méaduithe ar an bpá a bhaint amach trí chreataí tripháirteacha fothaithe acmhainneachta, lena gcuirtear dlús, dá bhrí sin, leis an tionchar dearfach a mheastar a bheidh ag an treoir atá beartaithe maidir le pá íosta leormhaith agus lena cur chun feidhme mear;

14. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún modheolaíocht rianaithe a thíolacadh maidir leis an gcaiteachas sóisialta i mbuiséad an Aontais atá bunaithe ar na SDGanna agus ar phrionsabail CECS, chomh maith le táscairí dea-bhail a áireamh sa Scórchlár Sóisialta agus tomhas a dhéanamh ar thionchar foriomlán na gcistí, na n-ionstraimí agus na saoráidí éagsúla a mhaoinítear faoi CAI ar dhálaí oibre agus dea-bhail a fheabhsú[4]; á áitiú gur cheart na rialacha lena rialaítear úsáid chistí an Aontais a ailíniú le cearta sóisialta agus le prionsabail dhaonlathacha, le EPSR, le SDGanna agus le cearta bunúsacha oibrithe; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go rachadh airgead poiblí chun tairbhe na bhfostóirí sin agus cearta oibrithe agus dálaí oibre is infheidhme á n-urramú acu;

15. á chur i bhfáth, thairis sin, nach mór do CSE+ tacaíocht leormhaith a sholáthar d'fhothú acmhainneachta chomhpháirtithe sóisialta an Aontais, lena n-áirítear i bhfoirm oiliúna, bearta líonraithe agus neartú an idirphlé shóisialta, agus do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh go comhpháirteach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí na

[4] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 maidir le treoirlínte ginearálta chun buiséad 2023 a ullmhú, Roinn III – An Coimisiún (https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0106_EN.pdf) agus Tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta don Choiste um Buiséid maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 - na ranna uile (https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/EMPL-AD-746942_GA.pdf)

sochaí sibhialta;

16. á chur in iúl gur geal léi atreisiú InvestEU, na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, an Chiste Nuálaíochta agus an Chiste Eorpaigh Cosanta a bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh infheistíochtaí mar thoradh orthu sna teicneolaíochtaí criticiúla a chumhdaítear leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta le tacaíocht ó STEP; agus chun ceannasacht straitéiseach oscailte an Aontais a threisiú; á iarraidh, dá réir sin, go mbeadh buiséad EUR 102 mhilliún ar a laghad ann chun acadaimh scileanna Glan-Nialasach a chur ar bun agus a fheidhmiú;

17. á mheabhrú go bhfuil ról tábhachtach ag gníomhaireachtaí Eurofound, EU-OSHA, Cedefop, ETF agus ELA maidir le heolas speisialaithe a sholáthar d'institiúidí agus do thíortha an Aontais, go háirithe maidir le saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta, agus nach mór dóibh na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá a fháil chun a gcúraimí atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh;

18. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá Bliain Eorpach na Scileanna 2023, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus beartais nithiúla a fhaigheann tacaíocht ó chistiú leordhóthanach ó CAI chun bearta fostaíochta agus fiontraíochta a fhorbairt tuilleadh;